An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission

# Toghchán an Uachtaráin



## Treoir Éasca le Léamh

# Treoir Éasca le Léamh faoi Thoghchán an Uachtaráin

## An treoir seo a úsáid




Scríobhamar an treoir seo ar bhealach atá Éasca le Léamh.



Scríobhamar roinnt focail thábhachtacha **i gcló trom**.

Ciallaíonn sé sin go bhfuil na litreacha níos tibhe agus níos dorcha.

Mínímid brí na bhfocal sin atá i gcló trom.




Tá liosta na bhfocal sin ar leathanach 17.




Féadfaidh tú tacaíocht a iarraidh chun an treoir seo a léamh. D'fhéadfadh cara, duine muinteartha nó duine taca cabhrú leat.



## Céard is toghchán an uachtaráin ann?

Is é toghchán an uachtaráin an chaoi a roghnaíonn muintir na hÉireann an tUachtarán nua.




Bíonn **toghchán an uachtaráin** in Éirinn gach seacht mbliana. Maireann gach **téarma uachtaránachta** seacht mbliana.




Féadfaidh an tUachtarán seasadh i dtoghchán arís i ndiaidh dóibh téarma amháin a dhéanamh mar Uachtarán. Ach ní fhéadfaidh siad a bheith ina nUachtarán ar feadh níos mó ná dhá théarma.




Ar lá an toghcháin, féadfaidh daoine a bhfuil an ceart vótála acu **vóta a chaitheamh**.




Tá sé de cheart agat vóta a chaitheamh i dtoghchán an uachtaráin má tá tú:


- 18 mbliana d'aois nó os a chionn


  agus

- I do shaoránach Éireannach a chónaíonn in Éirinn

  agus

- Ar **chlár na dtoghthóirí**.





## Céard é ról an Uachtaráin?

Is é an tUachtarán **Ceann Stáit** na hÉireann. Leagtar amach róil an Uachtaráin i mBunreacht na hÉireann.



I measc na ról a bhíonn ag an Uachtarán, tá:

- Ionadaíocht a dhéanamh ar mhuintir na hÉireann,
    - Freastal ar imeachtaí agus óráidí a thabhairt in Éirinn agus thar lear agus fáilte a chur roimh chuairteoirí chuig teach oifigiúil an Uachtaráin i bPáirc an Fhionnuisce.
- An Taoiseach, comhaltaí an **Rialtais**, breithimh agus róil oifigiúla eile a cheapadh.
    - I ndiaidh do Dháil Éireann, an Rialtas nó an Taoiseach iad a ainmniú.
- Tús agus deireadh **na Dála** a ghairm,
    - Nuair a iarrann an Taoiseach ar an Uachtarán é sin a dhéanamh.
- A éileamh ar cheachtar Teach an Oireachtais teacht le chéile,
- Billí a shíniú le go mbeidh siad ina ndlíthe nua,
    - A luaithe a ritheann an Dáil agus an Seanad bille, síneoidh an tUachtarán ina dhlí é.




- Roinnt billí a chur chuig an gCúirt Uachtarach,
    - Mura gcomhlíonann bille nua an Bunreacht, féadfaidh an tUachtarán é a chur ag an gCúirt Uachtarach.
- Gníomhú mar Cheannasaí Uachtarach Óglaigh na hÉireann.

Ní dhéanann an tUachtarán cinntí le haghaidh an Stáit. Is iad an Rialtas a chomhlíonann an ról sin. Tá tuilleadh eolais ar ár suíomh gréasáin ar www.electoralcommission.ie/ga/toghchain-an-uachtarain/



## Uachtaráin Roimhe Seo agus an tUachtarán Faoi Láthair

Bhí ochtar Uachtarán ann roimhe seo.

Is é Micheál D. Ó hUigínn Uachtarán na hÉireann faoi láthair.

Toghadh é in 2011. Atoghadh é in 2018. Tá a dhara téarma ag teacht chun críche. Ní féidir leis a bheith ina Uachtarán ach ar feadh dhá théarma.



## Cé atá in ann a bheith ina nUachtarán?

Le bheith incháilithe do ról an Uachtaráin, ní mór go mbeifeá:

- I do shaoránach Éireannach

  agus
- 35 bliana d'aois nó os a chionn.



## Cén chaoi a n-ainmnítear iarrthóirí?

Tá trí bhealach dhifriúla ann le h**iarrthóir** a ainmniú le seasamh sa toghchán d'Uachtarán na hÉireann.

Féadfaidh iarrthóirí:

- Ainmniúchán a fháil ó 20 comhalta ar a laghad den Oireachtas (**Teachtaí Dála** nó **Seanadóirí**)

  nó

- Ainmniúchán a fháil ó cheithre údarás áitiúla ar a laghad (comhairlí cathrach nó contae).




Chomh maith leis sin, féadfaidh Uachtarán reatha:

- Iad féin a ainmniú mura raibh acu ach téarma amháin.



## Cén chaoi a gcláraítear le vóta a chaitheamh?

Sula gcaithfidh tú vóta, caithfidh tú **dul ar chlár na dtoghthóirí. Ní gá duit ach clárú uair amháin.**




Má rinneadh saoránacht Éireannach díot ó chláraigh tú le vótáil, beidh ort do chuid sonraí a thabhairt cothrom le dáta chun vóta a chaitheamh i dtoghchán an Uachtaráin.



Má bhog tú go háit chónaithe nua, ba cheart duit do shonraí a thabhairt cothrom le dáta freisin.

Is féidir leat clárú agus sonraí a thabhairt cothrom le dáta ar [www.checktheregister.ie](http://www.checktheregister.ie) nó trí dhul i dteagmháil le d'údarás áitiúil.




## Postvótáil

Má tá tinneas nó míchumas ort, seans gur féidir leat vóta a chaitheamh sa phost. Tugtar **postvótáil** air sin. Bíonn cead ag roinnt daoine vóta a chaitheamh sa phost mar gheall ar an bpost a dhéanann siad.




Caithfidh tú cur isteach ar phostvótáil roimh ré.

Tá roinnt eolais againn faoi phostvótáil.

Gheobhaidh tú é ar ár suíomh gréasáin: [www.electoralcommission.ie/ga/votail-inrochtana/](http://www.electoralcommission.ie/ga/votail-inrochtana/)





## Cén uair a chaitear vóta?

Inseoimid dáta an toghcháin don phobal nuair atá sé ar eolas againn. Tugtar an Lá Vótaíochta nó **Lá na Vótála** ar dháta an toghcháin freisin.




Is féidir leat foghlaim faoin toghchán ach:

- Ceist a chur ar dhuine muinteartha, cara nó comharsa leat.
- Breathnú ar an nuacht ar an teilifís.
- É a chuardach ar líne.




Lá na vótála, bíonn cead vótála idir a 7 a chlog ar maidin agus a 10 a chlog istoíche go hiondúil.



Beidh an t-eolas sin ar do **chárta faisnéise vótaíochta**. Seolfar é sin sa phost chugat. Mura dtagann do chárta vótaíochta, ná bí buartha mar ní theastaíonn sé chun vóta a chaitheamh.




## Seicliosta an Vótálaí

- Féach ar [www.checktheregister.ie](http://www.checktheregister.ie) chun a chinntiú go bhfuil do shonraí ceart ar an gclár.



- Foghlaim faoi gach **iarrthóir** atá ag seasamh i dtoghchán an Uachtaráin.



- Bí ag faire amach do do chárta faisnéise vótaíochta sa phost.



- Déan do phlean faoin gcaoi a gcaithfidh tú vóta ar an lá. Seans gur mhaith leat iarraidh ar dhuine a bhfuil muinín agat astu cabhrú leat dul ann.




- Tabhair **cruthúnas aitheantais** a bhfuil grianghraf air leat go dtí an stáisiún vótála ar lá na vótála.





## Cá gcaitear vóta?

Ar lá an toghcháin, rachaidh tú go foirgneamh ar a dtugtar **stáisiún vótála** chun vóta a chaitheamh.




D’fhéadfadh go mbeadh sé, mar shampla, i:

- Scoil.
- Ionad pobail.
- Club CLG.




Beidh do stáisiún vótála ar do chárta faisnéise vótaíochta. Beidh na huaireanta oscailte air freisin.




Chomh maith leis sin, is féidir leat a sheiceáil cá bhfuil do stáisiún vótála agus cén uair a osclaíonn agus a dhúnann sé ar [www.checktheregister.ie](http://www.checktheregister.ie)



## An stáisiún vótála

Nuair a théann tú isteach sa stáisiún vótála, beidh foireann vótála ansin romhat. Sin iad na daoine a oibríonn i stáisiúin vótála ar lá an toghcháin. Tá sé de dhualgas orthu cabhrú leat.



**Céard a dhéanfaidh an fhoireann?**

Iarrfaidh an fhoireann roinnt ceisteanna ort sula gcaitheann tú vóta, ar nós:



**Céard é d'ainm iomlán?**

Inis don fhoireann céard é:

- Do Chéadainm
- Do Shloinne




Ba cheart duit **cruthúnas aitheantais (ID)** a thabhairt leo ar fhaitíos go dteastódh sé.

D'fhéadfaí a thabhairt leat:

- Pas
- Ceadúnas tiomána
- Cárta Seirbhísí Poiblí




Tá liosta de na rudaí is féidir leat a úsáid mar chruthúnas aitheantais ar ár suíomh gréasáin. [www.electoralcommission.ie](http://www.electoralcommission.ie)



## Do pháipéar ballóide

Tabharfaidh siad bileog pháipéir duit ar a dtugtar páipéar ballóide. Is ar pháipéar ballóide a mharcálfaidh tú do vóta. Tabhair do pháipéir bhallóide anonn chuig ceann de na botháin vótála.




Mar gheall ar na scáthláin, beidh tú in ann do pháipéir bhallóide a líonadh isteach go príobháideach.



Beidh peann luaidhe ansin duit le húsáid. Ach is féidir leat do pheann nó do pheann luaidhe féin a úsáid más maith leat.




Tá samplaí de pháipéir bhallóide ar fáil ar ár suíomh gréasáin [https://www.electoralcommission.ie/ga/toghchain-an-uachtarain/](https://www.electoralcommission.ie/ga/toghchain-an-uachtarain/)




## Cé dóibh ar cheart dom vóta a chaitheamh?

Is fútsa atá do vóta, agus féadfaidh tú aon duine a roghnú a thaitníonn leat nó a cheapann tú is fearr a labhróidh ar do shon.



Ba cheart duit do mhachnamh a dhéanamh air agus vóta a chaitheamh don duine a cheapann tú a dhéanfaidh an jab is fearr mar Uachtarán na hÉireann.

# Conas vóta a chaitheamh





- Is féidir leat vóta a chaitheamh d’iarrthóir amháin más maith leat.





- Is féidir leat vóta a chaitheamh do níos mó ná iarrthóir amháin más maith leat.

Nó




- Is féidir leat vóta a chaitheamh do na hiarrthóirí ar fad.

**Is fútsa atá sé.**




Cuir uimhir “1” sa bhosca in aice leis an iarrthóir a dteastaíonn uait vóta a chaitheamh dóibh. Sin é an t-iarrthóir is fearr leat.

Cuir uimhir “2” in aice leis an dara hiarrthóir is fearr leat.

Cuir uimhir “3” in aice leis an tríú hiarrthóir is fearr leat. Agus mar sin de.



Féadfaidh tú vóta a chaitheamh le haghaidh a mhéad daoine agus is mian leat. Tá físeán ar ár suíomh gréasáin a mhíníonn duit conas vóta a chaitheamh: [https://www.electoralcommission.ie/ga/conas-vota-a-chaitheamh/](https://www.electoralcommission.ie/ga/conas-vota-a-chaitheamh/)



## Céard faoi má theastaíonn cúnamh uait le vóta a chaitheamh?

Má theastaíonn cúnamh uait le vóta a chaitheamh, féadfaidh tú:


- Duine ar d'aithne a thabhairt leat, ar nós carad, nó
- Cúnamh a iarraidh ar an bhfoireann.



Féadfaidh an fhoireann cabhrú leat do pháipéar ballóide a líonadh isteach má labhraíonn tú leo.

**Ní féidir leo a rá leat cé dóibh ba cheart duit vótáil.**

Coinneoidh siad do vóta faoi rún.



Má bhaineann tú úsáid as braille, féadfaidh tú Teimpléad Páipéir Ballóide a iarraidh.

Tá tuilleadh eolais ar ár suíomh gréasáin: [https://www.electoralcommission.ie/ga/votail-inrochtana/](https://www.electoralcommission.ie/ga/votail-inrochtana/)



## Céard faoi má dhéanann tú botún?

Má dhéanann tú botún nuair a líonann tú isteach do pháipéar ballóide, téigh ar ais chuig an mball foirne a thug duit é.

Inis don fhoireann:

- Go ndearna tú botún.
- Go dteastaíonn páipéar ballóide nua uait.



Déanfaidh an fhoireann:

- An páipéar ballóide ar a bhfuil an botún a thógáil uait.
- Páipéar ballóide nua a thabhairt duit.

Tóg an páipéar ballóide nua agus líon isteach é.




## Cá gcuirfidh tú do pháipéar ballóide?

Cuir do pháipéar ballóide sa **bhosca ballóide** nuair atá tú réidh.


Sin an bosca atá in aice leis an bhfoireann a thug an páipéar ballóide duit.

Bosca séalaithe é an bosca ballóide ina gcuireann na vótálaithe a bpáipéir bhallóide nuair atá siad líonta isteach acu.



Nuair a chuireann tú do pháipéar ballóide marcáilte sa bhosca ballóide, beidh tú críochnaithe leis an vótáil.

## Comhaireamh na vótaí



- Tugtar gach vóta go dtí **ionaid comhairimh i ngach Dáilcheantar** ar fud na hÉireann. Fostaítear daoine chun gach vóta a chomhaireamh go bhfeicfear cén t-iarrthóir a fuair an líon is mó vótaí.



- Buann an t-iarrthóir leis an líon is mó vótaí.




- Comhairtear na vótaí ar fad a fuair uimhir “1” ar dtús i gcónaí.



- Mura bhfaigheann iarrthóir dóthain vótaí, déantar iad a **chur as an áireamh**. Comhairtear a vóta uimhir “2” nó níos ísle ansin. Tugtar aistrithe ar na cineálacha sin vótaí.



- Is é an **cuóta** an líon vótaí a theastaíonn ó iarrthóir le go dtoghfar iad. Is é an cuóta i dtoghchán an uachtaráin 50% den líon iomlán vótaí móide vóta amháin eile.



- Má bhaineann iarrthóir an cuóta amach, meastar iad a bheith tofa. Is féidir iarrthóir a thoghadh gan an cuóta a bhaint amach, má chuirtear gach iarrthóir eile as an áireamh.



- Toghfar an t-iarrthóir buacach mar Uachtarán na hÉireann ansin.




## Cén chaoi a mbeidh a fhios agam cé a bhuaigh?

Fógrófar buaiteoir thoghchán an uachtaráin ar an nuacht ar an teilifís agus an raidió. Féadfaidh tú an buaiteoir a sheiceáil ar an idirlíon, ar na meáin shóisialta nó ar na nuachtáin.

# Eolas a fhaigheann tú ar líne



Tá daoine ag baint leas anois as na meáin shóisialta, teachtaireachtaí ar líne agus an t-idirlíon chun cúrsaí reatha, ceisteanna polaitiúla agus toghcháin a phlé. Táimid ag fáil go leor faisnéise ar líne ó go leor áiteanna difriúla.



Tá an t-idirlíon in ann a bheith an-chabhrach nuair atá fíricí agus faisnéis le fáil, agus chun dearcthaí difriúla a roinnt.

D’fhéadfá eolas faoi na toghcháin a fheiceáil ar líne. B’fhéidir nach mbeadh an t-eolas sin fíor i gcónaí, nó nach mbeadh sé ar fad fíor.



**Céard is féidir leat a dhéanamh?**

Nuair atá tú ag léamh, ag breathnú ar fhíseáin nó ar chláir, nó ag éisteacht le podchraoltaí ar líne nó sna meáin, fiafraigh díot féin i gcónaí:

- Cén chaoi a mbeidh a fhios agam go bhfuil sé seo fíor?
- Cé atá á rá seo liom?
- Cén fáth a bhfuil siad á rá seo liom?
- Cén chaoi a ndeimhneoidh mé é seo? / Cén chaoi ar féidir liom a sheiceáil an bhfuil sé cruinn?
- An gcaithfidh mé tuilleadh machnaimh a dhéanamh air seo?




## Stór Focal

Tugtar míniú sa liosta seo ar an mbrí atá leis na focail **i gcló trom** sa cháipéis seo.





### Bosca ballóide

Bosca séalaithe é an bosca ballóide ina gcuireann na vótálaithe a bpáipéir bhallóide nuair atá siad líonta isteach acu.



### Cárta faisnéise vótaíochta

Tabharfar sonraí do stáisiúin vótála ar Chárta Faisnéise Vótaíochta. Mura dtagann do chárta vótaíochta, ná bí buartha mar ní theastaíonn sé chun vóta a chaitheamh.



### Clár na dtoghthóirí

Liosta daoine ar féidir leo vóta a chaitheamh.




### Cruthúnas aitheantais (ID)

Is cáipéis nó cárta é an cruthúnas aitheantais, nó cruthúnas céannachta mar a thugtar air uaireanta, a chruthaíonn cé thú féin. Bíonn d'ainm agus grianghraf díot air. Tá liosta iomlán de na cruthúnais aitheantais a nglactar leo ar ár leathanach gréasáin 'Cá háit le vótáil': https://www.electoralcommission.ie/ga/ca-hait-le-votail/



**Cuóta**

An líon vótaí a theastaíonn ó iarrthóir chun suíochán a bhuachan.



**Cur as an áireamh**

Cuirtear iarrthóir as an áireamh nuair nach mbuann siad i dtoghchán agus déantar a vótaí a aistriú chuig na hiarrthóirí atá fágtha.



**An Dáil**

Cuid den pharlaimint náisiúnta í an Dáil. Sin an áit a dtagann Teachtaí Dála tofa le chéile.



**Iarrthóir**

Is iad na daoine atá ag seasamh i dtoghchán na hiarrthóirí.



**Ionaid comhairimh**

Seo an áit ina gcomhairtear na vótaí nuair a thagann na boscaí ballóide ó na stáisiúin vótála ar fad sa toghlimistéar.




**Lá na Vótála**

An lá a mbíonn daoine ag vótáil. Tugtar an Lá Vótaíochta nó Lá an Toghcháin air freisin.



**Rialtas**

Is é an rialtas an grúpa daoine atá freagrach as an tír a stiúradh.



**Postvótáil**

Bíonn roinnt daoine in ann a vóta a chur sa phost leis an bpostvótáil. Dá bhrí sin, ní bhíonn orthu dul go stáisiún vótála chun vóta a chaitheamh.



**Seanadóirí**

Is comhaltaí Sheanad Éireann iad seanadóirí. Cuid den pharlaimint náisiúnta é an Seanad.




**Stáisiún vótála**

Is foirgneamh é an stáisiún vótála ag a dtéann daoine chun vóta a chaitheamh.

Mar shampla:

- Scoil.
- Ionad pobail.
- Club CLG.



**Teachtaí Dála**

Déanann Teachtaí Dála ionadaíocht ar dhaoine ó Dháilcheantair dhifriúla ar fud na tíre. Tugtar TDanna ar Theachtaí Dála freisin.




### Téarma uachtaránachta

Is é an téarma uachtaránachta an tréimhse a mbíonn duine ina n-uachtarán. Maireann téarma amháin seacht mbliana. Ní féidir leat a bheith i d'Uachtarán ach ar feadh dhá théarma.





### Toghchán an Uachtaráin

Is don tír ar fad é toghchán an uachtaráin. Sin é an chaoi a roghnaíonn muintir na hÉireann an tUachtarán nua.



### Vóta

Tarlaíonn vóta nuair a dhéanann grúpa daoine rogha. Bíonn a vóta féin ag gach duine. Nuair a chaitheann tú vóta, cuireann tú in iúl cé a roghnaíonn tú chun ionadaíocht a dhéanamh ort.



## Tuilleadh eolais

Seoladh poist:

An Coimisiún Toghcháin, Bloc M, Caisleán Bhaile Átha Cliath,

Baile Átha Cliath 2, D02 X8X8



Seoladh ríomhphoist:

**info@electoralcommission.ie**

Na meáin shóisialta:

@ElecCommIRL

© Lógó Soléite na hEorpa: Inclusion Europe. Tá tuilleadh eolais le fáil ar

**www.inclusion-europe.eu/easy-to-read**

An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission

@ElecCommIRL

www.electoralcommission.ie